



# Costas éadaí

| | | |
|---|---|---|
| 1. ____________  2. __________ | 1. __________  2. ____________ | 1.____________  2. ____________ |
| 1. ____________  2. ___________ | 1. ___________  2. _________ | 1. _________  2. __________ |
| 1. ___________  2. ____________ | 1. ___________  2. ___________ | 1. __________  2. __________ |

# Costas
# Saor nó daor?

Léigh na praghsanna seo a leanas agus inis do thuairim fúthu. Bain úsáid as an bhfoclóir thíos chun do thuairim a léiriú. Déan iarracht gach focal a úsáid ar a laghad uair amháin. Ansin, faigh amach cad a dúirt do pháirtnéir trí bhall éadaigh a léamh amach agus a thuairim a scríobh síos.

- **ródhaor**
- **an-daor**
- **daor**
- **réasúnta**
- **saor**
- **an-saor**
- **róshaor**

**Mo thuairim / Tuairim mo pháirtnéara**

1. t-léine bhán - €22
2. gúna galánta - €56
3. bríste gearr - €5
4. geansaí spóirt - €16
5. culaith dhubh  - €199
6. culaith snámha - €31
7. hata gréine - €2
8. scaif - €47
9. lámhainní - €8
10. sciorta scoile - €19

- Cén tsiombail atá ar na boinn Euro in Éirinn?
- Cén tsiombail atá ar na boinn Euro i do thír dhúchais?
- Cén t-airgeadra a úsáidtear i do thír dhúchais?

# Costas - Comhrá

**Léigh na comhráite seo a leanas le do pháirtnéir.**
**Tóg sealanna ag glacadh róil dhifriúla.**

1. **Sa siopa éadaí: Tá custaiméir ag ceannach sciorta dá hiníon.**

**Cúntóir siopa:** Dia duit.

**Custaiméir:** Dia is Muire duit. Cá bhfuil na sciortaí le do thoil?

**Cúntóir siopa:** Díreach anseo ar dheis.

**Custaiméir:** Go raibh maith agat. Ba mhaith liom sciorta nua a cheannach do m'iníon. Tá sí deich mbliana d'aois.

**Cúntóir siopa:** Cén dath?

**Custaiméir:** Gorm nó glas, b'fhéidir.

**Cúntóir siopa:** Céard faoin gceann seo?

**Custaiméir:** Ó ní maith liom é ar chor ar bith. Tá sé rófhada.

**Cúntóir siopa:** Ceann gearr atá uait, an ea?

**Custaiméir:** Sea, ceann gearr.

**Cúntóir siopa:** Seo ceann deas, tá sé gearr ach níl sé róghearr, sílim.

**Custaiméir:** Tá an ceann sin go hálainn ceart go leor. Cé mhéad atá air?

**Cúntóir siopa**: €80.

**Custaiméir:** Á, a thiarcais, tá sé sin an-daor ar fad!

**Cúntóir siopa**: Ach is sciorta an-mhaith é.

**Custaiméir:** Ó bhuel, táimid ag dul chuig bainis. An nglacann sibh le Visa?

**Cúntóir siopa:** Glacann, cinnte.

**Custaiméir:** Ceart go leor mar sin. Seo dhuit.

**Cúntóir siopa:** Go raibh maith agat. Go maire tú is go gcaithe tú é!

**2. Tá custaiméir istigh i siopa bróg**

**Custaiméir:** Gabh mo leithscéal, an bhfuil na bróga seo agat le dath dubh orthu?

**Cúntóir siopa:** Tá, cinnte. Méid 40 an ea?

**Custaiméir**: 42.

**Cúntóir siopa**: Fan nóiméad anois. Sea, seo iad.

**Custaiméir:** Mmm, tá siad rómhór orm, sílim.

**Cúntóir siopa:** Seo 40 mar sin.

**Custaiméir:** Á, tá siad sin compordach. Cé mhéad atá orthu?

**Cúntóir siopa:** €60 ar an bpéire sin.

**Custaiméir:** Tá sin réasúnta maith, is dócha.

**Cúntóir siopa:** Ar mhaith leat an bosca?

**Custaiméir:** Ba mhaith, go raibh maith agat.

**Cúntóir siopa:** Fáilte romhat. Go maire tú is go gcaithe tú iad.

# Costas
# Foclóir na gcomhráite

**1.** Tá an foclóir seo a leanas ar fáil sna comhráite thuas. An féidir leat brí an fhoclóra a mheas?

**Sílim**
**A Thiarcais**
**An nglacann sibh le Visa?**
**Méid 40**

Conas a deirtear na frásaí seo i do theanga dhúchais?

**2.** Roghnaigh trí fhocal nó trí fhrása ó na comhráite ar mhaith leat a fhoghlaim. Scríobh anseo iad.

a. ______________________________________________

b. ______________________________________________

c. ______________________________________________

Cad a roghnaigh do pháirtnéir? Ar roghnaigh sibh an foclóir céanna?

**3.** Tá an bheannacht: *Go maire tú is go gcaithe tú é!* sa chéad chomhrá thuas. Is éard is brí leis ná: 'May you live and may you wear it*'.* An Modh Foshuiteach Láithreach atá ann. Úsáidtear é chun mianta nó foinn a léiriú. Sa Bhéarla úsáidtear *may* / *The Present Subjunctive will mostly be seen when expressing wishes or desires. English equivalents often have the word* ***may*** *in them.*

Tá sampla eile ar eolas agat? An féidir leat smaoineamh air?

Go raibh maith agat.

Léigh na samplaí seo a leanas agus déan iarracht úsáid a bhaint astu amach anseo.

- Go dté tú slán. *May you go safely (Have a safe journey).*
- Go mbeannaí Dia duit. *May God bless you.*
- Fan go bhfeice mé. *Wait until I see (Let's see).*
- Go n-éirí an bóthar leat. *May your journey succeed.*

Conas a deirtear na frásaí seo i do theanga dhúchais?